An Coimisiún Eorpach

Aicmiú Eorpach de Scileanna/Inniúlachtaí, cáilíochtaí agus Gairmeacha (ESCO)

Fostaíocht, Gnóthaí Sóisialta agus Cuimsiú

Clár ábhair

Clár ábhair 2
Aicmiú Eorpach de Scileanna/Inniúlachtaí, cáilíochtaí agus Gairmeacha (ESCO) 3
Conas a bhainfidh saoránaigh leas as córas tacsanomaíochta? 3
Conas ar féidir le ESCO cabhrú le daoine post a aimsiú thar lear? 3
Cén fáth ar cheart tacsanomaíocht a úsáid chun cur síos a dhéanamh ar phoist agus ar dhaoine? Nach bhfuil siad ar fad indibhidiúil? 3
Cén struchtúr a bheidh le ESCO? 4
Conas an bhfuil ESCO á forbairt? 4
Faisnéis chúlra 5

Aicmiú Eorpach de Scileanna/Inniúlachtaí, cáilíochtaí agus Gairmeacha (ESCO)

I dteannta le páirtithe leasmhara tá tacsanomaíocht um Scileanna/Inniúlachtaí, cáilíochtaí Gairmeacha Eorpacha (ESCO) á fhorbairt ag an gCoimisiún Eorpach.

Conas a bhainfidh saoránaigh leas as córas tacsanomaíochta?

Sa chéad ásc, b'fhéidir nach bhfuil cuma air gur rud é córas tacsanomaíochta a chabhróidh le saoránaigh sa saol laethúil. Cé gur fíor nach mbeidh tacsanomaíocht ESCO faoi chomhairle dhíreach na saoránach de ghnáth beidh úsáid phraiticiúil léi dóibh fós féin.

Cabhróidh ESCO go mór chun uirlisí ar líne a dhéanamh níos fearr. Tá roinnt gnéithe uathúla agus nuálacha ag an tacsanomaíocht: beidh sí ilteangach, díreoidh sí ar scileanna agus foilseofar i bhformáid oscailte í le haghaidh úsáide ag bogearraí na dtríú páirtithe. Cinnteoidh sé seo gur luachmhar an bloc tógála a bheidh inti do thairseacha poist ar líne, d'uirlisí gairmthreorach agus do bhunachair sonraí um dheiseanna foghlama. De dheasca na bhfeabhsuithe seo beidh buntáistí fíor-inláimhsithe do chuardaitheoirí poist, do dhaoine ag lorg athruithe gairme, d'fhoghlaimeoirí agus d'fhostóirí.

Conas ar féidir le ESCO cabhrú le daoine post a aimsiú thar lear?

Is iondúil go n-úsáideann tairseacha poist córas tacsanomaíochta amháin agus teanga amháin. Is deacair sonraí a mhalartú eatarthu, agus go háirithe le tairseacha poist ó thíortha eile. Dá bharr seo bíonn sé deacair an post ceart a aimsiú thar lear. Is anseo a thagann ESCO i gcabhair. Beidh an córas ilteangach agus cumasófar malartú CVanna agus folúntais poist atá stóráilte i gcórais TF éagsúla.

Cuirfidh ESCO ar chumas tairseacha poist ar líne ar nós EURES – An Tairseach um Shoghluaisteacht ó Phost go Chéile daoine a mheaitseáil le poist ar fud Bhallstáit uile an AE. Beidh siad in ann CVanna na gcuardaitheoirí poist a mheaitseáil le folúntais poist atá scríofa i dteanga eile fiú. Éireoidh sé níos éasca do chuardaitheoirí poist post a aimsiú i mBallstáit eile an AE agus d'fhostóirí tallann a earcú ó thar lear.

Cén fáth ar cheart tacsanomaíocht a úsáid chun cur síos a dhéanamh ar phoist agus ar dhaoine? Nach bhfuil siad ar fad indibhidiúil?

Sa lá atá inniu ann tá na teorainneacha idir catagóirí gairme níos geamhaí ná riamh agus níl siad chomh caighdeánaithe agus chomh aonchineálach agus a mbíodh tráth.

Is suntasach go maith an difríocht idir na scileanna a mbíonn de dhíth ar phost ar leith fiú laistigh d'aon ghairm amháin. Is minic go mbaineann an ghairm chéanna le poist a bhíonn difriúil ó thaobh timpeallacht oibre, méid na láithreach oibre, uirlisí agus ábhair in úsáid agus táirge deiridh. Sin an fáth go ndíríonn ESCO ar thacsanomaíocht a dhéanamh ar inniúlachtaí agus scileanna indibhidiúla. An sprioc atá ann ná tuiscint a fháil ar thacair scile indibhidiúil gach duine agus na scileanna atá de dhíth i ngach post. Ansin féadfaidh tairseacha poist ar líne na poist a aimsiú ar fearr a oireann do thacar scile indibhidiúil an chuardaitheora poist. Nuair nach féidir teacht ar mheaitseáil scileanna foirfe, cabhróidh ESCO le cuardaitheoirí poist tuiscint a fháil ar na scileanna atá in easnamh orthu, á spreagadh chun tabhairt faoi dheiseanna breis oideachais agus oiliúna.

Tá na córais oideachais agus oiliúna ag athrú freisin chuig cur chuige dírithe ar scileanna. In ionad cur síos a thabhairt ar cháilíochtaí le tosca ionchuir (m.sh. an tréimhse ama caite i mbun foghlama), dírítear anois ar an bhfeasacht, na scileanna agus na hinniúlachtaí a ghnóthaíonn foghlaimeoirí. Léirítear é seo sa Chreat Eorpach um Cháilíochtaí (EQF).

Beidh an fhéidearthacht ag institiúidí oideachais agus oiliúna cur síos a dhéanamh ar thoradh a gcuid cáilíochtaí leis an téarmaíocht scileanna arna soláthar ag ESCO. Mar thoradh, beidh cáilíochtaí níos trédhearcaí agus beidh sé níos éasca do sholáthraithe oideachais aiseolas a fháil ón margadh saothair agus a gcuid clár a oiriúnú dá réir.

Dá réir sin, iompaíonn an bhéim sa dhá réimse, sa mhargadh saothair agus san earnáil oideachais agus oiliúna, ar phróifílí inniúlachta agus scile indibhidiúla. Laghdaíonn an bhéim choiteann seo an bearna idir domhan an oideachais/na hoiliúna agus domhan na fostaíochta. Beidh ESCO mar an teanga choiteann acu, ag feabhsú na cumarsáide eatarthu.

Cén struchtúr a bheidh le ESCO?

Cuimseoidh tacsanomaíocht ESCO trí cholún idirghaolmhar ag clúdach i) gairmeacha; ii) scileanna/inniúlachtaí; agus iii) cáilíochtaí. Beidh sí ilteangach agus nasctha le haicmiú agus creatlaí idirnáisiúnta, ar nós NACE, ISCO agus an EQF. Beidh sí ar fáil saor in aisce do pháirtithe leasmhara uile trí Thairseach ESCO (i mbun forbartha faoi láthair).

Conas an bhfuil ESCO á forbairt?

Tá ESCO i gcéim luath na forbartha go fóill. Foilseofar an chéad leagan de chuid ESCO i ngeimhreadh na bliana 2012/13 agus feabhsófar ar bhonn leanúnach í.

Tá forbairt ESCO comhordaithe ag Ard-Stiúrthóireacht na Fostaíochta, na nGnóthaí Sóisialta agus na gComhdheiseanna agus Ard-Stiúrthóireacht an Oideachais agus an Chultúir de chuid an Choimisiúin Eorpaigh.

Le haghaidh forbartha an ESCO, tá tacaíocht ag an gCoimisiún Eorpach ó pháirtithe leasmhara, ó chomhairleoirí seachtracha agus ón Lárionad Eorpach um Fhorbairt na Gairmoiliúna (CEDEFOP). Cinntíonn struchtúr bainistíochta an ESCO go bhfuil deis labhartha ag grúpaí páirtithe leasmhara uile in ESCO.

Faisnéis chúlra

- The vision behind ESCO
- Short introduction to ESCO
- Analysis of the ESCO Stakeholder Survey 2010